C/2026/1655

13.3.2026

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2026/1655)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ([1]) ón gCoimisiún.

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Côtes de Thongue'

PGI-FR-A1110-AM01

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Tuairisc orgánaileipteach ar na táirgí**

Forlíonadh Caibidil I, roinn 3.3 den tsonraíocht táirge le haghaidh an TGFC 'Côtes de Thongue' chun freastal ar bhreiseanna leis an tuairisc orgánaileipteach ar fhíonta an TGFC.

Forlíonadh an doiciméad aonair sa roinn dar teideal 'Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta'.

2. **Limistéar díreach in aice láimhe**

Leasaíodh Caibidil I, roinn 4.2 – Limistéar díreach in aice láimhe – den tsonraíocht táirge le haghaidh an TGFC 'Côtes de Thongue'. Tugadh liosta na mbardas a áirítear sa limistéar atá díreach in aice láimhe cothrom le dáta, gan aon athrú, i gcomhréir leis an gCód Geografach Oifigiúil 2021.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, ligtear don limistéar geografach a bheith aitheanta le tagairt do leagan 2021 den Chód Geografach Oifigiúil, a dtugann an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) cothrom le dáta é agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don teorannú an limistéir gheografaigh. Cuireadh an tagairt chéanna leis an doiciméad aonair faoin gceannteideal 'Limistéar díreach in aice láimhe'.

Tugadh an roinn sa doiciméad aonair dar teideal 'Coinníollacha breise – limistéar díreach in aice láimhe' cothrom le dáta.

3. **Cineálacha fíniúna**

Leasaíodh Caibidil I, roinn 5 – Cineálacha fíniúna – den tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC 'Côtes de Thongue'.

Leasaíodh liosta na gcineálacha roghnaithe le haghaidh tháirgeadh TGFC 'Côtes de Thongue' mar a leanas:

— Tugadh isteach 17 gcineál a mheastar a bheith 'frithsheasmhach' in aghaidh galair fíniúna:

Artaban N, Bronner B, Cabernet blanc B, Cabernet Cortis N, Floreal B, Johanniter B, Monarch N, Muscaris B, Pinotin N, Prior N, Saphira B, Sauvignac B, Solaris B, Soreli B, Souvigner gris B, Vidoc N agus Voltis B.

— Tugadh isteach 14 chineál a bhfuil an cumas iontu dul in oiriúint don athrú aeráide:

Agiorgitiko N, Assyrtiko B, Calabrese N, Carricant B, Fiano B, Montepulciano N, Moschofilero Rs, Parellada N, Primitivo N, Roditis Rs, Saperavi N, Touriga Nacional N, Verdejo B, Xinomavro Rs.

([1]) IO L 166, 30.4.2001, lch. 1.

— Tarraingt siar de 20 cineál nár taifeadadh mar chineálacha a úsáidtear i dtáirgeadh:

Auxerrois B, Baco blanc B, Clairette rose Rs, Clarin B, Couderc noir N, Gamay de Chaudenay N, Jurançon blanc B, Landal N, Lival N, Maréchal Foch N, Müller-Thurgau B, Muscadelle B, Muscat à petits grains rouges Rg, Muscat à petits grains roses Rs, Ravat Blanc B, Rayon d'or B, Savagnin Rose Rs, Valérien B, Villard noir N.

Aithnítear go bhfuil na cineálacha a cuireadh leis frithsheasmhach in aghaidh triomaigh agus galair fhungasacha. Tá saintréithe fiseolaíocha agus fíoneolaíochta iontu atá cosúil leis na cineálacha a úsáidtear i dtáirgeacht an TGFC agus laghdaíonn sin an gá le táirgí cosanta plandaí. Níl aon athrú ar shaintréithe fhíonta an TGFC i gceist leo.

Déanann leasú liosta na gcineálacha roghnaithe le haghaidh chineálacha fíniúna an TGFC difear don doiciméad aonair sa roinn dar teideal 'Cineálacha fíonchaor'.

4. **Toradh uastáirgeachta**

Leasaíodh Caibidil I, roinn 6 – Toradh uastáirgeachta – den tsonraíocht táirge le haghaidh an TGFC 'Côtes de Thongue'.

Leis an leasú sin, ardaítear an táirgeacht le haghaidh fíonta *rosé* ó 90 go 100 hl/ha. Fanann an táirgeacht le haghaidh na bhfíonta dearga agus geala gan athrú ag 90 hl/ha. Is é an sprioc atá ann cuidiú le hoibreoirí freastal ar éileamh dinimiciúil an mhargaidh ar fhíonta *rosé*, éileamh atá ag méadú go tapa.

Leasaíodh an roinn 'Uastáirgeacht' den doiciméad aonair.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Leasaíodh Caibidil I, roinn 8 den tsonraíocht táirge le haghaidh an TGFC 'Côtes de Thongue' chun an fhoclaíocht maidir leis an nasc leis an limistéar geografach a athrú.

Tugadh an roinn 'Nasc leis an limistéar geografach' den doiciméad aonair cothrom le dáta.

6. **Comhlacht cigireachta**

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht le haghaidh an TGFC 'Côtes de Thongue' chun an roinn dar teideal 'Comhlacht cigireachta' a shimpliú, trína shonrú gur gá an chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a sheiceáil ar bhonn plean rialaithe formheasta agus trí chomhlacht tríú páirtí arna tharmligean ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) a thugann ráthaíochtaí maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas.

Ní dhéanann an simpliú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Côtes de Thongue

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC - tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta socra dearga,* rosé *agus geala - Tuairisc orgánaileipteach*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Maíonn déantóirí fíona TGFC 'Côtes de Thongue' traidisiún maidir le cineálacha éagsúla fíniúna a chumasc laistigh de limistéar sonrach, i.e. Gleann Thongue. Tá a bhfealsúnacht cosúil leis an bhfealsúnacht atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcóras ATFC, ina gcuirtear tábhacht an *terroir* i dtábhacht.

Déantar na fíonta *rosé* as cumaisc de chineálacha saintréithe ó réigiún Occitanie (Grenache noir, Cinsault, Syrah, Mourvèdre, etc.) le cineálacha a thugtar isteach ó réigiúin eile (Cabernet franc, Cabernet sauvignon, Merlot, Pinot, etc.), a bhaineann uaireanta le cineálacha fíniúna gile nó léithe (Vermentino, Grenache blanc nó gris, etc.). Bíonn dath bándearg éadrom ar na fíonta a eascraíonn as sin de ghnáth agus bíonn siad go deas úr sa bhéal, agus cumhracht chumhachtach chasta acu bunaithe ar dhea-bholaithe péitseog, aibreog, cuiríní dubha agus bananaí.

Déantar na fíonta dearga as raon leathan cineálacha fíniúna, a bhuantar ag ardchéim aibíochta chun gur féidir fíonta struchtúrtha a tháirgeadh a aosaítear sa bhairille go minic. Is gnách go mbíonn siad struchtúrtha go héadrom, le tainniní míne, dea-fhorbartha agus comhchuí, agus dea-bholaithe casta de thorthaí dearga, torthaí dubha agus spíosraí.

Déantar na fíonta geala as na cineálacha Muscats, Sauvignon, Vermentino nó Viognier, lena measctar cineálacha saintréithe ón réigiún agus cineálacha eile ó áiteanna eile. Tá na fíonta galánta sin tathagach agus tá cáil orthu mar gheall ar a n-úire, agus bíonn dea-bholaithe éagsúla orthu ó thorthaí citris go torthaí coimhthíocha nó mionbholaithe bláthacha (teile, bláth oráiste, etc.) ag brath ar na cineálacha a úsáidtear.

2. *Fíonta socra dearga,* rosé *agus geala - Tuairisc anailíseach*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta ag a bhfuil méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) 45 g/l ar a laghad, tá méid aigéadachta luainí nach mó ná 24,48 meq/l iontu.

I gcás dí-alcólaithe, féadfar an neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte a laghdú go 9,5 %.

Na leibhéil le haghaidh neart alcóil iomlán de réir toirte, aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach agus dé-ocsaíd sulfair, is éard atá iontu na leibhéil siúd a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Fíonta dearga,* rosé *agus geala ó fhíonchaora ró-aibí - Tuairisc orgánaileipteach*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn leibhéil arda méid siúcra i bhfíonta a dhéantar as fíonchaora ró-aibí agus forbraíonn siad dea-bholaithe casta de thorthaí cócaráilte, ar a mbíonn dathanna idir ómra agus imireacha *terracotta*.

4. *Fíonta dearga,* rosé *agus geala ó fhíonchaora ró-aibí - Tuairisc anailíseach*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta ag a bhfuil méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) 45 g/l ar a laghad, tá méid aigéadachta luainí nach mó ná 24,48 meq/l iontu.

Maidir leis na fíonta ó fhíonchaora ró-aibí, is mar a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais na leibhéil (íosta nó uasta) le haghaidh aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach, an neart alcóil iarbhír de réir toirte, an neart alcóil iomlán de réir toirte, an neart alcóil nádúrtha de réir toirte agus an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán (dearg,* rosé *agus geal)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán le déanamh go heisiach ar an modh coipthe buidéil thánaistigh. Bíonn súilíní míne, galánta iontu agus dea-bholaithe bláthacha nó torthaíocha orthu ag brath ar na cineálacha a úsáidtear le haghaidh an *cuvée*.

Is mar a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais na leibhéil (íosta nó uasta) le haghaidh aigéadacht iomlán, aigéadacht luaineach, an neart alcóil iarbhír de réir toirte, an neart alcóil iomlán de réir toirte, an neart alcóil nádúrtha de réir toirte agus an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

I gcás dí-alcólaithe, féadfar an neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte a laghdú go 9,5 %.

Tá na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint ‘Côtes de Thongue’ le déanamh go heisiach tríd an modh coipthe buidéil thánaistigh.

Chomh maith leis an bhforáil a leagtar amach thuas, ní mór na cleachtais fhíoneolaíocha a ghlactar le haghaidh na bhfíonta a bheith i gcomhlíontacht leis na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus leis an gCód um Ghnóthaí Tuaithe agus um an Iascach Muirí.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíonta dearga agus geala

90 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta *rosé*

100 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Maidir leis na fíonta a bhaineann leas as an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de Thongue', is ar chríoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Hérault a dhéantar na fíonchaora a bhuain, an fhíonóireacht agus táirgeadh na bhfíonta:

Alignan-du-Vent, Abeilhan, Autignac, Coulobres, Espondeilhan, Fouzilhon, Gabian, Magalas, Margon, Montblanc, Montesquieu, Néffiès, Nézignan-l'Evêque, Pouzolles, Puimisson, Puissalicon, Roujan, Saint-Geniès de Fontedit, Saint-Thibéry, Servian, Tourbes, Vailhan, Valros.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Agiorgitiko N

Alicante Henri Bouschet N

Alphonse Lavallée N

Altesse B

Alvarinho - Albariño

Aramon N

Aramon blanc B

Aramon gris G

Aranel B

Arinarnoa N

Artaban N

Arvine B - Petite Arvine

Assyrtiko B

Aubun N - Murescola

Bourboulenc B - Doucillon blanc

Bronner B

Cabernet Blanc B

Cabernet Cortis N

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Calabrese N

Caladoc N

Cardinal Rg

Carignan N

Carignan blanc B

Carménère N

Carricante

Chambourcin N

Chardonnay B

Chasan B

Chasselas B

Clairette Rose Rs

Chenanson N

Chenin B

Cinsaut N - Cinsault

Clairette B

Colombard B

Côt N - Malbec

Counoise N

Danlas B

Egiodola N

Fer N - Fer Servadou, Braucol, Mansois, Pinenc

Fiano

Floréal B

Gamay N

Gewürztraminer Rs

Grenache N

Grenache blanc B

Grenache gris G

Gros Manseng B

Johanniter B

Listan B - Palomino

Lledoner pelut N

Macabeu B - Macabeo

Marsanne B

Marselan N

Mauzac B

Merlot N

Meunier N

Monarch N

Montepulciano

Morrastel N - Minustellu, Graciano

Moschofilero Rs

Mourvèdre N - Monastrell

Muscardin N

Muscaris B

Muscat d'Alexandrie B - Muscat, Moscato

Muscat de Hambourg N - Muscat, Moscato

Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

Nielluccio N - Nielluciu

Négrette N

Parrellada B

Petit Manseng B

Petit Verdot N

Picardan B - Araignan

Pinot Gris G

Pinot Noir N

Pinotin N

Piquepoul blanc B
Piquepoul gris G
Piquepoul noir N
Plant droit N - Espanenc
Portan N
Primitivo N - Zinfandel
Prior N
Riesling B
Rivairenc N - Aspiran noir
Rivairenc blanc B - Aspiran blanc
Roditis Rs
Roussanne B
Rubilande Rs
Saperavi N
Saphira B
Sauvignac
Sauvignac B
Sauvignon B - Sauvignon blanc
Sauvignon Gris G
Sciaccarello N
Sémillon B
Servant B
Seyval B
Solaris B
Soreli B
Souvignier Gris Rs
Sylvaner B
Syrah N - Shiraz
Tannat N
Tempranillo N
Terret blanc B
Terret gris G
Terret noir N
Touriga Nacional N
Ugni Blanc B
Verdejo B
Verdelho B
Vermentino B - Rolle
Vidoc N
Villard blanc B
Viognier B
Voltis B
Xinomavro N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Cuimsíonn réigiún fíonsaothrúcháin Côtes de Thongue 23 shráidbhaile atá suite i dtriantán Faugères-Pézenas-Béziers a chuimsíonn dobharcheantar Thongue, craobh-abhainn d'abhainn Hérault i réigiún Languedoc i ndeisceart na Fraince. Tagann an Thongue as na chéad bhunchnoic de Cévennes sula dtéann sé isteach in abhainn Hérault in Saint-Thibéry, sráidbhaile ar theorainn sheachtrach limistéar Côtes de Thongue atá suite 10 km ón Meánmhuir. Le himeacht ama, rinneadh tírdhreach sainiúil agus an-oscailte Côtes de Thongue a mhúnlú leis an sruthchúrsa. Leis an tsraith cnoc droimneach seo, ar a dtugtar 'puechs' go háitiúil, ní bhíonn an tír-raon an-chothrom agus bristear suas a líneacht. Trí chreimeadh, shnoigh an Thongue gleann réasúnta leathan éadomhain ina bhfuil ithreacha atá an-oiriúnach do na fíniúnacha atá i bhformhór na talún feirme. As an iliomad cineálacha éagsúla ithreach in Côtes de Thongue, is iad na léibhinn chlochacha ón aois Villeafrancach, na marlaí gainmheacha agus gairbhéalacha, na haolchlocha locha agus na hithreacha cré-aolchloiche cuid de na cineálacha ithreach is sainiúla. Cuirtear formhór na bhfíniúnacha ar léibhinn ársa agus ar chóin ghláracha, mínsceallachán, ardchláir agus fánaí aolchloiche, nó cnoic moláis dúrabháin ghainmhigh. Tá formhór na bhfíonghort suite ag airde idir 50 m agus 100 m, áit a mbaineann siad tairbhe iomlán as aeráid na Meánmhara: aimsir shéimh sa gheimhreadh, san earrach agus san fhómhar le méideanna éagsúla báistí, agus samhraí teo, tirime. Ní bhíonn an bháisteach níos mó ná 600 mm ar an meán i gcaitheamh na bliana.

8.2. *Sainiúlacht an táirge*

Agus í neadaithe idir limistéar an mhurlaigh cósta agus bunchnoic Haut-Languedoc, bhí an chríoch sin i bhfad siar i gcónaí. Ó ré na Rómánach ar aghaidh, thrasnaigh Via Domitia í, rud a spreag bunú fíonghort. Tar éis ionraí i ndiaidh a chéile, d'fhorbair na daoine comheagraíocht láidir a léiríodh ina ngnáthóg de shráidbhailte treisithe a tógadh le leagan amach uathúil comhlárnach. Leathnaigh an limistéar faoi fhíniúnacha go suntasach sa 19ú agus sa 20ú haois, ag díriú ar dtús ar bhiotáillí agus níos déanaí, ó 1850 ar aghaidh, ar fhíonta lena n-ól. Mar thoradh ar an spiorad comhchoiteann, bhunaigh na saothróirí fíniúna aontas ag céim an-luath chun a bhfíonta is fearr a chur chun cinn faoin ainmniúchán 'Côtes de Thongue'. Bronnadh stádas 'Vin de Pays' air ina dhiaidh sin le Foraithne an 5 Aibreán 1982. Chun cur leis an móiminteam sin agus chun réaltacht gheografach na críche a léiriú ar bhealach níos fearr, leathnaíodh limistéar an TGFC chun 9 mbardas eile a chur san áireamh, rud a mhéadaigh ó 14 go 23. Leis na dálaí ilchineálacha ithreach agus aeráide, bhíothas in ann cineálacha a bhfuil riachtanais éiceolaíocha éagsúla acu a chur go straitéiseach, amhail cineálacha Meánmhuirí sna láithreáin is tirime agus na cineálacha a tugadh isteach le déanaí in ithreacha a bhfuil doimhneacht níos mó acu. Leis an éagsúlacht sin, is féidir réimse láidir fíonta a tháirgeadh, ó fhíonta socra go fíonta ó fhíonchaora ró-aibí. Fágann an dul chun cinn teicneolaíoch a rinneadh le déanaí, ag brath ar na dálaí fíonóireachta agus aosaithe, go bhfuil na fíonta dearga mín agus torthaíoch nó spíosrach agus láidir. Bíonn sé d'aidhm ag na déantóirí fíona go ginearálta cothromaíocht a bhaint amach idir torthaíocht agus galántacht sna fíonta geala agus sna fíonta *rosé*. Déantar an chuid is mó den aschur a bhuidéalú sa limistéar táirgeachta, agus onnmhairítear beagnach 70 % de, laistigh den Eoraip den chuid is mó ach chuig na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin freisin.

8.3. *Nasc cúisíoch idir sainiúlacht an limistéir gheografaigh agus sainiúlacht an táirge*

Tá aeráid aonfhoirmeach Mheánmhuirí ag limistéar fíonsaothrúcháin Côtes de Thongue ina n-aibíonn na cineálacha fíniúna uile go maith. Agus fíonghoirt á n-athrú le 40 bliain anuas, bhí na saothróirí fíniúna in ann a gcuid saineolais a chur ar taispeáint maidir leis na cineálacha fíniúna a chur in oiriúint d'éagsúlacht na ndálaí ithreach sa limistéar, rud a chuir ar a gcumas a léiriú optamach a bhaint amach. D'ainneoin na héagsúlachta sin, agus cibé acu a chuirtear i láthair mar chumasc nó mar chineál fíniúna sonrach iad, tá an carachtar láidir Meánmhuirí, an maothlachas agus na dea-bholaithe sainiúla céanna ag na fíonta sin uile bunaithe ar thorthaí aibí a bhfuil blasanna plandúla fíneálta orthu. I líonra na siléar blaiste a sheasann go dlúth le chéile, spreagadh forbairt na ndíolachán díreach agus d'fhág sé sin go raibh cáil ar fhíonta Côtes de Thongue go luath. Eagraítear go leor imeachtaí gach bliain, lena n-áirítear siúlóidí trí na fíniúnacha agus tráthnónta oscailte sa samhradh, ionas gur féidir le daoine eolas a chur ar na fíonghoirt agus ar a bhfíonta mar chuid d'oidhreacht an limistéir. Seachas oiriúnacht nádúrtha an limistéir le haghaidh fíonsaothrúcháin, beidh ról cinntitheach fós ag diongbháilteacht, rannpháirtíocht agus scil na dtáirgeoirí maidir le táirgeadh agus cáil fhíonta Côtes de Thongue agus cosaint na bhfíonghort. Cuireadh tionscnamh comhchoiteann ar bun chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin TGFC Côtes de Thongue a chomhtháthú go hiomlán i bplean cuimsitheach maidir le húsáid talún agus forbairt inbhuanaithe. Tá cáil ar fhíonta Côtes de Thongue anois in áiteanna i bhfad níos faide ná an Fhrainc, mar is léir ó na gradaim a fuarthas arís agus arís eile ó Parker's Wine Buyer's Guide agus ón iris Wine Spectator. Is é an tiomantas comhchoiteann ó na saothróirí fíniúna agus an sprioc choiteann atá acu a n-ainmniúchán a chur chun cinn i bhfad agus i gcéin, an chúis gur féidir é sin a dhéanamh. Aithníonn dáileoirí agus gairmithe in earnáil an fhíona an cháil sin de réir a chéile a bhuí le cáilíocht na bhfíonta agus uathúlacht na gcumasc.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineáil an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Féadfar ainm cineáil fíniúna amháin nó níos mó a chur leis an TGFC 'Côtes de Thongue'.

Féadfar an téarma 'primeur' a chur leis an TGFC 'Côtes de Thongue'. Forchoimeádtar an téarma sin d'fhíonta socra.

Nuair a chuirtear an téarma traidisiúnta 'Vin de Pays' in ionad an téarma 'Indication géographique protégée' (Tásc geografach faoi chosaint), ní mór lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad.

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineáil an choinníll breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Sa limistéar díreach in aice láimhe arna shainiú ag maolú maidir le táirgeadh agus forbairt fíonta socra, fíonta ó fhíonchaora ró-aibí agus fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ar a bhfuil an TGFC 'Côtes de Thongue', cuimsítear na bardais seo a leanas i roinn Hérault, i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2021:

Adissan, Agde, Agel, Agonès, Aigne, Aigues-Vives, Les Aires, Aniane, Arboras, Argelliers, Aspiran, Assas, Assignan, Aumelas, Aumes, Avène, Azillanet, Babeau-Bouldoux, Baillargues, Balaruc-les-Bains, Balaruc-le-Vieux, Bassan, Beaufort, Beaulieu, Bédarieux, Bélarga, Berlou, Bessan, Béziers, Boisseron, Boisset, La Boissière, Le Bosc, Boujan-sur-Libron, Le Bousquet-d'Orb, Bouzigues, Brenas, Brignac, Brissac, Buzignargues, Cabrerolles, Cabrières, Cambon-et-Salvergues, Campagnan, Campagne, Camplong, Candillargues, Canet, Capestang, Carlencas-et-Levas, Cassagnoles, Castanet-le-Haut, Castelnau-de-Guers, Castelnau-le-Lez, Castries, La Caunette, Causse-de-la-Selle, Causses-et-Veyran, Caussiniojouls, Caux, Le Caylar, Cazedarnes, Cazevieille, Cazilhac, Cazouls-d'Hérault, Cazouls-lès-Béziers, Cébazan, Ceilhes-et-Rocozels, Celles, Cers, Cessenon-sur-Orb, Cesseras, Ceyras, Clapiers, Claret, Clermont-l'Hérault, Colombières-sur-Orb, Colombiers, Combaillaux, Combes, Corneilhan, Courniou, Cournonsec, Cournonterral, Creissan, Le Crès, Le Cros, Cruzy, Dio-et-Valquières, Entre-Vignes, Fabrègues, Faugères, Félines-Minervois, Ferrals-les-Montagnes, Ferrières-les-Verreries, Ferrières-Poussarou, Florensac, Fontanès, Fontès, Fos, Fozières, Fraisse-sur-Agout, Frontignan, Galargues, Ganges, Garrigues, Gigean, Gignac, Gorniès, Grabels, Graissessac, La Grande-Motte, Guzargues, Hérépian, Jacou, Joncels, Jonquières, Juvignac, Lacoste, Lagamas, Lamalou-les-Bains, Lansargues, Laroque, Lattes, Laurens, Lauret, Lauroux, Lavalette, Lavérune, Lespignan, Lézignan-la-Cèbe, Liausson, Lieuran-Cabrières, Lieuran-lès-Béziers, Lignan-sur-Orb, La Livinière, Lodève, Loupian, Lunas, Lunel, Lunel-Viel, Maraussan, Marseillan, Marsillargues, Mas-de-Londres, Les Matelles, Mauguio, Maureilhan, Mérifons, Mèze, Minerve, Mireval, Mons, Montady, Montagnac, Montarnaud, Montaud, Montbazin, Montels, Montferrier-sur-Lez, Montouliers, Montoulieu, Montpellier, Montpeyroux, Moulès-et-Baucels, Mourèze, Mudaison, Murles, Murviel-lès-Béziers, Murviel-lès-Montpellier, Nébian, Nissan-lez-Enserune, Nizas, Notre-Dame-de-Londres, Octon, Olargues, Olmet-et-Villecun, Olonzac, Oupia, Pailhès, Palavas-les-Flots, Pardailhan, Paulhan, Pégairolles-de-Buèges, Pégairolles-de-l'Escalette, Péret, Pérols, Pézenas, Pézènes-les-Mines, Pierrerue, Pignan, Pinet, Plaissan, Les Plans, Poilhes, Pomérols, Popian, Portiragnes, Le Pouget, Le Poujol-sur-Orb, Poujols, Poussan, Pouzols, Le Pradal, Prades-le-Lez, Prades-sur-Vernazobre, Prémian, Le Puech, Puéchabon, Puilacher, Puisserguier, Quarante, Restinclières, Rieussec, Riols, Les Rives, Romiguières, Roquebrun, Roqueredonde, Roquessels, Rosis, Rouet, Saint-André-de-Buèges, Saint-André-de-Sangonis, Saint-Aunès, Saint-Bauzille-de-la-Sylve, Saint-Bauzille-de-Montmel, Saint-Bauzille-de-Putois, Saint-Brès, Saint-Chinian, Saint-Clément-de-Rivière, Sainte-Croix-de-Quintillargues, Saint-Drézéry, Saint-Étienne-d'Albagnan,

Saint-Étienne-de-Gourgas, Saint-Étienne-Estréchoux, Saint-Félix-de-l'Héras, Saint-Félix-de-Lodez, Saint-Gély-du-Fesc, Saint-Geniès-des-Mourgues, Saint-Geniès-de-Varensal, Saint-Georges-d'Orques, Saint-Gervais-sur-Mare, Saint-Guilhem-le-Désert, Saint-Guiraud, Saint-Hilaire-de-Beauvoir, Saint-Jean-de-Buèges, Saint-Jean-de-Cornies, Saint-Jean-de-Cuculles, Saint-Jean-de-Fos, Saint-Jean-de-la-Blaquière, Saint-Jean-de-Minervois, Saint-Jean-de-Védas, Saint-Julien, Saint-Just, Saint-Martin-de-l'Arçon, Saint-Martin-de-Londres, Saint-Mathieu-de-Tréviers, Saint-Maurice-Navacelles, Saint-Michel, Saint-Nazaire-de-Ladarez, Saint-Nazaire-de-Pézan, Saint-Pargoire, Saint-Paul-et-Valmalle, Saint-Pierre-de-la-Fage, Saint-Pons-de-Thomières, Saint-Pons-de-Mauchiens, Saint-Privat, Saint-Saturnin-de-Lucian, Saint-Sériès, Saint-Vincent-de-Barbeyrargues, Saint-Vincent-d'Olargues, Salasc, La Salvetat-sur-Agout, Saturargues, Saussan, Saussines, Sauteyrargues, Sauvian, Sérignan, Sète, Siran, Sorbs, Soubès, Le Soulié, Soumont, Sussargues, Taussac-la-Billière, Teyran, Thézan-lès-Béziers, La Tour-sur-Orb, Tressan, Le Triadou, Usclas-d'Hérault, Usclas-du-Bosc, La Vacquerie-et-Saint-Martin-de-Castries, Vacquières, Vailhauquès, Valergues, Valflaunès, Valmascle, Valras-Plage, Vélieux, Vendargues, Vendémian, Vendres, Verreries-de-Moussans, Vias, Vic-la-Gardiole, Vieussan, Villemagne-l'Argentière, Villeneuve-lès-Béziers, Villeneuve-lès-Maguelone, Villeneuvette, Villespassans, Villetelle, Villeveyrac, Viols-en-Laval, Viols-le-Fort.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-e83db010-64e6-4e3c-ab1b-74ec7d4d0d93